**Rannán na Scoileanna – Airgeadas**
**An Roinn Oideachais agus Scileanna**
**Cor na Madadh**
**Baile Átha Luain**
**Co. na hIarmhí**

**Schools Division - Financial**
**Department of Education and Skills**
**Cornamaddy**
**Athlone**
**Co. Westmeath**

**Ciorclán 0065/2010**

**Chuig Cathaoirligh Bord Bainistíochta agus Príomhoidí Iarbhunscoileanna**

## Scéim Saoroideachais

## Riachtanas go mbeidh scoil gan táille chun bheith intofa i gcónaí do dheontais áirithe agus leithdháiltí áirithe foirne

## Athbhreithniú ar an uasteorainn do tháillí cónaithe

Leithdháiltear acmhainní teagaisc agus maoiniú eile ar scoileanna aitheanta sa Scéim Saoroideachais ar bhonn éagsúil leis siúd atá i bhfeidhm i gcás scoileanna táille.

Braitheann intofacht leanúnach do shocruithe maoinithe den sórt sin ar scoil gan a bheith ag éileamh táillí ná íocaíochtaí éigeantacha ó na daltaí atá acu cheana ná uathu siúd atá ag iarraidh iontrála ar an scoil. Féadann an tAire gach maoiniú dá leithéid a aistarraingt áit a bhfuil sé faighte amach go bhfuil scoil ag sárú an riachtanais nach ngearrfar táillí i leith duine nó níos mó dá daltaí nó de dhaltaí a bheadh ag iarraidh iontrála.

Is í is príomhaidhm leis an gciorclán seo ná a shoiléiriú céard iad na táillí is féidir a iarraidh go dlisteanach ar dhaltaí ar nós:

- Íocaíocht as leabhair scoile nó ábhar fótachóipeáilte a chuir an scoil ar fáil áit a bhfuil an táille réasúnta agus nach mbíonn sé ach ag réiteach leis na fíor-chostais i gceist;

- Táillí i leith béilí agus sólaistí fad nach bhfuil iachall ar dhaltaí iad a cheannach agus fad is a bhfuil cead acu a gcuid sólaistí féin a thabhairt ar scoil leo (e.g. bosca lóin); nó

- Seirbhísí agus gníomhaíochtaí a chuireann an scoil ar fáil de bhreis orthu siúd atá san áireamh sa chlár ginearálta scoile, fad is atá rogha ag an dalta feidhm a bhaint as na seirbhísí sin nó gan a bhaint (e.g. staidéar maoirsithe iarscoile, turais scoile, nó cuairteanna ar amharclanna nó ócáidí spóirt).

Bíodh is nach bhfuil an méid thuas uileghabhálach, is é an príomhriachtanas ná nach ngearrann an scoil táille de shaghas ar bith gur táille éigeantach go hiarbhír í, agus atá contrártha leis an bprionsabal nach ngearrtar táillí, prionsabal a idirdhealaíonn scoileanna aitheanta sa Scéim Saoroideachais ó na scoileanna aitheanta sin a thogair táillí a ghearradh.

Féadtar ranníocaíochtaí deonacha a iarraidh ar thuismitheoirí, fad is a chuirtear in iúl go soiléir dóibh nach éigean in aon chor dóibh iad a íoc agus nach mbraitheann rollú ná athrollú pháiste sa scoil ar thoilteanas na dtuismitheoirí ranníocaíocht a dhéanamh.

**Táillí Cónaithe**

Chomh fada is a bhaineann leis na riachtanais go mbeidh scoil gan táille mar choinníoll intofachta chun maoinithe faoin Scéim Saoroideachais, ní sárú ipso facto ar na riachtanais sin é táillí a ghearradh chun fíor-chostas eacnamaíoch áise lóistín chónaithe arna cur ar fáil ag scoil aitheanta a aisghabháil. I dtaca leis seo, bhí sé de nós riamh ag an Roinn uasteorainn a chur leis an méid a fhéadtar a ghearradh i leith lóistín chónaithe d'fhonn a chinntiú nach bhfuil scoileanna aitheanta sa Scéim Saoroideachais ag gearradh táillí folaithe sa bhreis ar an bhfíor-chostas eacnamaíoch a bhaineann le soláthar na háise lóistín.

Tá an uasteorainn á leasú go dtí €6,000 per annum i leith na scoilbhliana 2010/11 áit a ngearrtar an táille i leith micléinn a bhíonn ar lóistín ar feadh cúig lá agus go dtí €7,800 áit a ngearrtar an táille i leith macléinn a bhíonn ar lóistín ar feadh sé nó seacht lá.

Áit a bhfuil sé i gceist ag scoil sa Scéim Saoroideachais táille thar an uasteorainn a ghearradh i leith lóistín, ní mór don scoil a léiriú i dtosach trí chuntais iniúchta, nó trí pé fianaise eile a iarrfaidh an Roinn, go mbaineann an táille go heisiatach leis an tseirbhís a chuirtear ar fáil do lóistéirí cónaithe sa bhreis ar an tseirbhís a chuirtear ar fáil do dhaltaí lae agus nach bhfuil aon eilimint de tháille teagaisc san áireamh inti. Ciallaíonn sé seo go hiarbhír nach ceadaithe a áireamh sa táille a ghearrtar ar na daltaí sin a thograíonn a bheith ar lóistín aon eilimint de tháille i leith na ngníomhaíochtaí laethúla scoile a bhféadfadh an dalta páirt a ghlacadh iontu gan táille dá mbeadh sé/sí ag freastal mar dhalta lae.

Mura féidir le scoil a léiriú go bhfuil an táille lóistín bainteach go heisiatach le costas eacnamaíoch na seirbhíse lóistín a chuirtear ar fáil, caithfidh an scoil géilleadh don uasteorainn nó, mura ngéilleann, déanfar í a athchatagóiriú chun críche maoinithe mar scoil táille agus caillfidh sí na deontais agus na hacmhainní teagaisc go léir nach iníoctha do scoileanna táille.

Matthew Ryan
Príomhoifigeach
Rannán na Scoileanna – Airgeadas
Samhain 2010